

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

BORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

MOLADH ÓN MBORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 02 Meitheamh 2022

lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta

(BERS/2022/4)

(2022/C 286/01)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, go háirithe larscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽³⁾, agus go háirithe Roinn II de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhálartacht dheonach.
- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁵⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽⁴⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁵⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

- (3) Moltar i Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁶⁾ go ndéanfaidh an t-údarás gníomhachtaíthe ábhartha tairseach ábharthachta uasta a mholadh nuair a bheidh iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS), ar faoina bhun is féidir a mheas gur neamhábhartha neamhchosaint an tsoláthraí aonair seirbhísí airgeadais ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaíthe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (4) An 10 Márta 2022 ⁽⁷⁾, rinne Bundesanstalt für Finanzdienstleistungsaufsicht (BaFin), ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe ag an nGearmáin chun críocha Airteagal 133(10) de Threoir 2013/36/AE, fógra a chur chuig BERS go raibh beartaíthe aige ráta maoláin um riosca sistéamach (SyRB) a shocrú faoi Airteagal 133(9) den Treoir sin maidir le gach neamhchosaint (i.e. neamhchosaintí miondíola agus neamh-mhiondíola) ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a urraítear le réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin. Beidh feidhm ag SyRB (i) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (IRB) chun a méideanna neamhchosanta ualaithe de réir riosca a ríomh, agus (ii) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe (SA) chun a méideanna neamhchosanta ualaithe de réir riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (5) Tháinig an beart i bhfeidhm an 1 Aibreán 2022 agus ní mór d'instiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin a chomhlíonadh ón 1 Feabhra 2023 amach. Athbhreithneofar an beart gach dara bliain ar a laghad, i gcomhréir le forálacha dlí Threoir 2013/36/AE. Ina theannta sin, déanfaidh BaFin faireachán ar fhorbairt an bhunriosca a dtugtar aghaidh air le SyRB agus, má mheastar gurb iomchuí sin, coigeartóidh sé an ráta maoláin.
- (6) Chuir BaFin iarratas ar chómhálartú an ráta maoláin um riosca sistéamach faoi Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE faoi bhráid BERS an 10 Márta 2022 ⁽⁹⁾.
- (7) Tar éis an iarratais a chuir BaFin isteach, inar iarradh go ndéanadh na Ballstáit eile an beart a chómhálartú, agus chun cosc a chur ar iarmhairtí diúltacha trasteorann a theacht chun tosaigh i bhfoirm sceitheadh agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a mbeidh feidhm aige sa Ghearmáin, chinn Bord Ginearálta BERS an beart sin a chuimsiú freisin ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2.
- (8) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH

Leasuithe

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

1. in Alt 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fho-mholadh C(1):

“1. Maidir leis na bearta beartais macrastuamachta a ghlacfaidh na húdaráis ábhartha eile agus a molfaidh BERS iad a chómhálartú, moltar do na húdaráis ábhartha na bearta sin a chómhálartú. Moltar na bearta seo a leanas, a thuairiscítear tuilleadh san Iarscríbhinn, a chómhálartú:

An Bheilg:

- ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg;

⁽⁶⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cuireadh an chéad fhógra faoi bhráid BERS an 24 Feabhra 2022. Cuireadh leagan nuashonraithe den fhógra faoi bhráid BERS an 10 Márta 2022.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair instiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽⁹⁾ Cuireadh an chéad fhógra faoi bhráid BERS an 24 Feabhra 2022. Cuireadh leagan nuashonraithe den fhógra faoi bhráid BERS an 10 Márta 2022.

An Ghearmáin:

- ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar (i) gach neamhchosaint IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus (ii) gach neamhchosaint atá bunaithe ar SA a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe dho-aistrithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), atá lonnaithe sa Ghearmáin;

An Fhrainc:

- géarú ar an teorainn mhór neamhchosanta dá bhforáiltear in Airteagal 395(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar chorpáidí móra neamhairgeadais ar a bhfuil fiachas ollmhór agus ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc, go 5 % de chaipiteal Leibhéal 1, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar institiúidí domhanda lena bhfuil tábhacht shistéamach (G-SIInna) agus d'institiúidí eile lena bhfuil tábhacht shistéamach (O-SIInna) ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-ímlíne stuamachta baincéireachta;

An Liotuáin

- ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar gach neamhchosaint mhiondíola ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine a urraítear le maoin chónaithe.

Lucsamburg:

- teorainneacha um chóimheas iasachta/luacha (LTV) atá ceangailteach de réir dlí le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe i Lucsamburg, agus teorainneacha LTV éagsúla is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla iasachtaithe:
 - (a) Teorainn LTV 100 % do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu;
 - (b) Teorainn LTV 90 % do cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu. Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí liúntas punainne. Go sonrach, féadfaidh iasachtóirí 15 % de phunann na morgáistí nua a dheonaítear do na hiasachtaithe sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun LTV uasta 100 %;
 - (c) Teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír ceannach le ligean ar cíós).

An Ísiltír:

- meánualach riosca íosta arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Ísiltír, a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh maidir lena bpunanna neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualú riosca 12 % don chuid den iasacht nach mó ná 55 % de luach margaidh na maoine a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualú riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Is ionann meánualach riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta ualái riosca na n-iasachtaí aonair.

An Iorua:

- ráta maoláin um riosca sistéamach 4.5 % maidir le neamhchosaintí san Iorua, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (**) (Comhaontú LEE) ('CRD mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua ar an 1 Eanáir 2020' anseo feasta), maidir leis na hinstiúidí creidmheasa go léir atá údaraithe san Iorua;
- íosteorainn meánualach riosca 20 % le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoín chónaithe san Iorua, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020; de bhun théarmaí Chomhaontú LEE ('CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020' anseo feasta), ar institiúidí creidmheasa, ata údaraithe san Iorua, a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh;
- íosteorainn meánualach riosca 35 % le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoín tráchtála san Iorua, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de CRR mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua, a úsáideann an cur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.

An tSualainn:

- íostearainn 25 % a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa maidir le meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta na n-ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn a urraítear le maoin dho-aistrithe i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn a úsáideann an Cur Chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.”

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair instiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176 27.6.2013, lch. 1).

(**) IO L 1 3.1.1994, lch. 3.

2. Is í an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a chuirtear in ionad na hIarscríbinne.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 2 Meitheamh 2022.

*Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO*

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

"IARSCRÍBHINN

An Bheilg**Ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar gach neamhchosaint mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg.**I. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).

II. An Cómhgartú

2. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na Beilge a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon). De rogha air sin, is féidir an beart a chómhgartú trí úsáid a bhaint as an raon feidhme seo a leanas i dtuairisciú COREP: Neamhchosaintí ar mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe i leith daoine aonair atá lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon).
3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

4. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach ar acht nach mó ná EUR 2 bhilliún a neamhchosaintí earnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhgartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach institiúidsonrach.
5. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairsí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 2 bhilliún. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta.

An GhearmáinI. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na Gearmáine, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % ar gach neamhchosaint (i.e. neamhchosaintí miondíola agus neamh-mhiondíola) ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a urraítear le réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin. Beidh feidhm ag an mbeart (i) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige IRB chun a méideanna neamhchosanta atá ualaithe de réir riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe sa Ghearmáin, agus (ii) maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Ghearmáin agus a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe (SA) chun a méideanna neamhchosanta atá ualaithe de réir riosca a ríomh le haghaidh neamhchosaintí a urraítear go huile agus go hiomlán le maoin chónaithe dho-aistrithe, dá dtagraítear in Airteagal 125(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, atá lonnaithe sa Ghearmáin.

II. An Cómhgartú

2. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Gearmáine a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre.

3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh.
4. Moltar do na húdaráis ábhartha a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart cómhgartach agus go gcomhlíonfar é ón 1 Feabhra 2023 amach.

III. Tairseach ábharthachta

5. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach más rud é nach mó ná EUR 10 billiún a neamhchosaintí earnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhgartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach institiúidsonrach.
6. Ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 10 mbilliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

An Fhrainc

Géarú ar an teorainn mhór neamhchosanta dá bhforáiltear in Airteagal 395(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar chorparáidí móra neamhairgeadais ar a bhfuil fiachas ollmhór agus ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc, go 5 % de chaipiteal Leibhéal 1, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar institiúidí domhanda lena bhfuil tábhacht shistéamach (G-SIInna) agus ar institiúidí eile lena bhfuil tábhacht shistéamach (O-SIInna) ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-implé stuamachta baincéireachta.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Is éard atá i mbeart na Fraince, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus arna fhorchur ar G-SIInna agus O-SIInna ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-implé stuamachta baincéireachta (ní ar leibhéal fo-chomhdhlúite), teorainn mhór neamhchosaintí a ghéarú go 5 % dá gcaipiteal Leibhéal 1, is infheidhme maidir le neamhchosaintí ar chorparáidí móra neamhairgeadais ar a bhfuil fiachas ollmhór agus ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc.
2. Sainítear corparáid neamhairgeadais mar dhuine nádúrtha nó mar dhuine dlítheanach faoin dlí príobháideach ag a bhfuil a oifig chláráithe sa Fhrainc, agus a bhaineann, ar a leibhéal féin agus ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán, le hearnáil na gcorparáidí neamhairgeadais mar a shainmhínítear i bpointe 2.45 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).
3. Tá feidhm ag an mbeart maidir le neamhchosaintí ar chorparáidí neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc agus maidir le neamhchosaintí ar ghrúpaí de chorparáidí neamhairgeadais nasctha mar a leanas:
 - (a) Maidir le corparáidí neamhairgeadais ar cuid de ghrúpa corparáidí neamhairgeadais nasctha iad ag a bhfuil a n-oifig chláráithe ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán sa Fhrainc, tá feidhm ag an mbeart maidir le suim na nglan-neamhchosaintí i ndáil leis an ngrúpa agus a eintitis ghaolmhara uile de réir bhrí phointe (39) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (b) Maidir le corparáidí neamhairgeadais ar cuid de ghrúpa corparáidí neamhairgeadais nasctha iad ag a bhfuil a n-oifig chláráithe ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán lasmuigh den Fhrainc, tá feidhm ag an mbeart maidir le suim:
 - (i) na neamhchosaintí ar na corparáidí neamhairgeadais sin ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc;
 - (ii) na neamhchosaintí ar na heintitis sa Fhrainc nó thar lear a bhfuil rialú díreach nó indíreach á dhéanamh orthu ag na corparáidí neamhairgeadais dá dtagraítear in (i) de réir bhrí phointe (39) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

- (iii) na neamhchosaintí ar na heintitis sa Fhrainc nó thar lear atá spleách ó thaobh na heacnamaíochta de ar na corparáidí neamhairgeadais dá dtagraítear in (i) de réir bhrí phointe (39) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Dá bhrí sin, maidir le corparáidí neamhairgeadais nach bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc acu agus nach fochuideachta nó eintiteas iad atá spleách ó thaobh na heacnamaíochta de ar chorparáidí neamhairgeadais ag a bhfuil a hoifig chláráithe sa Fhrainc, agus nach bhfuil á rialú go díreach nó go hindíreach ag corparáidí dá leithéid, ní thagann siad faoi raon feidhme an bhirt.

I gcomhréir le hAirteagal 395(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh an beart infheidhme tar éis éifeacht na dteicnící maolaithe agus na ndíolúintí um riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go 403 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4. Ní mór do G-SII nó O-SII a mheas go bhfuil corparáidí neamhairgeadais ag a bhfuil a hoifig chláráithe sa Fhrainc mór, más cothrom le EUR 300 milliún nó níos mó ná sin a neamhchosaint bhunaídh ar an gcorparáidí neamhairgeadais, nó ar an ngrúpa de chorparáidí neamhairgeadais nasctha de réir bhrí mhír 3. Ríomhtar luach na neamhchosanta bunaidh i gcomhréir le hAirteagail 389 agus 390 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sula gcuirtear san áireamh éifeacht na dteicnící maolaithe agus na ndíolúintí um riosca creidmheasa a leagtar amach in Airteagail 399 go 403 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún (**).
5. Meastar fiachas ollmhór a bheith ar chorparáidí neamhairgeadais má bhíonn cóimheas gearála is mó ná 100 % agus cóimheas cumhdaigh muirear airgeadais faoi bhun a trí aici, arna ríomh ar an leibhéal is airde comhdhlúthúcháin grúpa mar a leanas:
- (a) Is éard atá sa chóimheas gearála an cóimheas idir an fiachas iomlán glan ar airgead tirim agus cothromas; agus
- (b) Is éard atá sa chóimheas cumhdaigh muirear airgeadais an cóimheas idir, ar thaobh amháin, an breisluach móide fóirdheontais oibriúcháin lúide: (i) párolla; (ii) cánacha agus dleachtanna oibriúcháin; (iii) gnáthchaiteachais eile oibriúcháin gan ús glan agus muirir chomhchosúla a áireamh; agus (iv) dímhéas agus amúchadh, agus, ar an taobh eile, ús agus muirir chomhchosúla.

Déantar na cóimheasa a ríomh ar bhonn comhiomlán cuntasaíochta a shainítear de réir na gcaighdeán is infheidhme, mar a chuirtear i láthair i ráitis airgeadais na corparáide neamhairgeadais, agus iad á ndeimhniú i gcás inarb iomchuí ag cuntasóir cairte.

II. An Cóimhalartú

6. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Fraince a chóimhalartú trína chur i bhfeidhm maidir le G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre ar an leibhéal is airde comhdhlúthúcháin laistigh de dhlínse a n-implíne stuamachta baincéireachta.
7. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéis leis an mbeart thuas a mholtar a chóimhalartú. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

8. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta chomhcheangailte chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chóimhalartú acu a stiúradh, tairseach ábharthachta chomhcheangailte arb é atá inti:
- (a) Tairseach EUR 2 bhiliún le haghaidh neamhchosaintí bunaidh iomlána G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre ar an leibhéal is airde comhdhlúthúcháin d'implíne stuamachta baincéireachta le hearnáil corparáidí neamhairgeadais na Fraince;
- (b) Tairseach EUR 300 milliún is infheidhme maidir le G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre atá combhionann leis an tairseach a luaitear in (a) nó is mó ná sin i leith:
- (i) neamhchosaint bhunaídh aonair ar chorparáidí neamhairgeadais ag a bhfuil a hoifig chláráithe sa Fhrainc;
- (ii) shuim na neamhchosaintí bunaidh ar ghrúpa de chorparáidí neamhairgeadais nasctha, ag a bhfuil a oifig chláráithe ar an leibhéal is airde comhdhlúthúcháin sa Fhrainc, arna ríomh i gcomhréir le mír 3(a);

(iii) shuim na neamhchosaintí bunaidh ar chorparáidí neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc ar cuid de ghrúpa de chorparáidí neamhairgeadais nasctha iad ag a bhfuil a oifig chláráithe ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán lasmuigh den Fhrainc mar a thuairiscítear i dteimpléid C 28.00 agus C 29.00 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014;

(c) Tairseach 5 % de chaipiteal Leibhéal 1 G-SII nó O-SII ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán, le haghaidh neamhchosaintí a shaináithnítear in (b) tar éis éifeacht na dteicnící maolaithe agus na ndíolúintí maolaithe um riosca creidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Tá na tairseacha dá dtagraítear i míreanna (b) agus (c) le cur i bhfeidhm gan beann ar cé acu atá fiachas ollmhór ar an eintiteas ábhartha nó ar an gcorparáid neamhairgeadais nó nach bhfuil.

Tá luach na neamhchosanta bunaidh dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) le ríomh i gcomhréir le hAirteagail 389 agus 390 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sula gcuirfeadh san áireamh éifeacht na dteicnící maolaithe agus na ndíolúintí um riosca creidmheasa a leagtar amach in Airteagail 399 go 403 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014.

9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, maidir le G-SIIInna nó O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-impléine stuamachta baincéireachta agus nach dtéann thar an tairseach ábharthachta chomhcheangailte dá dtagraítear i mír 8, féadfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann iad a dhíolmhú. Le linn an tairseach ábharthachta a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht neamhchosaintí G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre le hearnáil corparáidí neamhairgeadais na Fraince mar aon le comhchruinniú neamhchosaintí G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre maidir le corparáidí móra neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc, agus moltar dóibh beart na Fraince a chur i bhfeidhm maidir le G-SIIInna nó O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre a díolmhaíodh roimhe sin ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-impléine stuamachta baincéireachta nuair a rachfar thar an tairseach ábharthachta chomhcheangailte dá dtagraítear i mír 8. Spreagtar údaráis ábhartha freisin chun na rioscaí sistéamacha a bhaineann le gearáil mhéadaithe na gcorparáidí móra neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc a chur in iúl do rannpháirtithe eile sa mhargadh ina ndlínse.

10. I gcás nach bhfuil G-SIIInna nó O-SIIInna ann ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-impléine stuamachta baincéireachta atá údaraithe sna Ballstáit lena mbaineann agus neamhchosaintí acu ar earnáil corparáidí neamhairgeadais na Fraince os cionn na tairisí ábharthachta dá dtagraítear i mír 8, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh ESRB/2015/2, a chinneadh gan beart na Fraince a chómhgartú. Sa chás sin ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht neamhchosaintí G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre le hearnáil corparáidí neamhairgeadais na Fraince mar aon le comhchruinniú neamhchosaintí G-SIIInna agus O-SIIInna atá údaraithe ar bhonn intíre maidir le corparáidí móra neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc, agus moltar dóibh beart na Fraince a chómhgartú ach G-SII nó O-SII ar an leibhéal is airde comhdhlúthúchán dá n-impléine stuamachta baincéireachta a dhul thar an tairseach ábharthachta chomhcheangailte dá dtagraítear i mír 8. Spreagtar údaráis ábhartha freisin chun na rioscaí sistéamacha a bhaineann le gearáil mhéadaithe na gcorparáidí móra neamhairgeadais ag a bhfuil a n-oifig chláráithe sa Fhrainc a chur in iúl do rannpháirtithe eile sa mhargadh ina ndlínse.

11. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar an tairseach ábharthachta chomhcheangailte dá dtagraítear i mír 8. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb íomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

An Liotuáin

Ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % do gach neamhchosaint mhiondíola ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine a urraítear le maoin chónaithe.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na Liotuáine, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 2 % maidir le gach neamhchosaint mhiondíola ar dhaoine nádúrtha sa Liotuáin a urraítear le maoin chónaithe.

II. An Cómhgartú

2. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na Liotuáine a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le brainsí de bhainc atá lonnaithe sa Liotuáin agus atá údaraithe ar bhonn intíre, agus maidir le neamhchosaintí trasteorann díreacha ar dhaoine nádúrtha sa Liotuáin a urraítear le maoin chónaithe. Tá cion suntasach de shuíomhanna iomlána morgáiste i seilbh brainsí bainc eachtracha a oibríonn sa Liotuáin, dá bhrí sin, bheadh cómhgartú an bhirt ag na Ballstáit eile ina chuidiú le cothrom na Féinne a chothú agus lena áirithiú go ndéanfadh gach rannpháirtí suntasach sa mhargadh an riosca méadaithe do réadmhaoín chónaithe sa Liotuáin a chur san áireamh agus a n-athléimneacht a mhéadú.
3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoriseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

4. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maidir leis an maolán um riosca sistéamach mura mó a neamhchosaintí earnála ábhartha ná EUR 50 milliún, arb ionann é agus thart ar 0.5 % de neamhchosaintí ábhartha earnáil iomlán na n-institiúidí creidmheasa sa Liotuáin. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhgartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach institiúidsonrach.
5. Údarú le tairseach dá leithéid:
 - a. Is gá an acmhainn le haghaidh ilroinnt rialála a íoslághdú, toisc go mbeidh an tairseach ábharthacht chéanna i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá údaraithe sa Liotuáin;
 - b. Chuideodh cur i bhfeidhm na tairsí ábharthachta sin le cothrom na Féinne a áirithiú sa mhéid is go bhfuil institiúidí a bhfuil neamhchosaintí comhchosúla acu faoi réir an cheanglais maidir leis an maolán um riosca sistéamach;
 - c. Baineann an tairseach leis an chobhsaíocht airgeadais, toisc go mbeidh forbairt bhreise ar riosca réadmhaoine cónaithe ag brath go príomha ar ghníomhaíocht sa mhargadh tithíochta, a bhraitheann go páirteach ar mhéid na n-iasachtaí nua a eisítear chun tithe a cheannach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an mbeart maidir le rannpháirtithe an mhargaidh atá gníomhach sa mhargadh sin cé nach bhfuil a bpunanna iasachtaí morgáiste chomh mór le punanna na soláthraithe iasachta is mó.
6. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairsí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 50 milliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhgartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

Lucsamburg

Teorainneacha um chóimheas iasachta/luacha (LTV) atá ceangailteach de réir dlí le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar réadmhaoín chónaithe atá lonnaithe i Lucsamburg, agus teorainneacha LTV éagsúla is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla iasachtaíthe:

- (a) **Teorainn LTV 100 % do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu;**
- (b) **Teorainn LTV 90 % do cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire a bhfuil a bpríomháit chónaithe á ceannach acu. Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí líuntas punainne. Go sonrach, féadfaidh iasachtóirí 15 % de phunann na morgáistí nua a dheonaítear do na hiasachtaíthe sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun LTV uasta 100 %;**
- (c) **Teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír ceannach le ligean ar cíós).**

I. Cur síos ar an mbeart

1. Gníomhachtaigh údarais Lucsamburg teorainneacha LTV atá ceangailteach de réir dlí le haghaidh iasachtaí morgáiste nua ar mhaoín chónaithe dho-aistrithe atá lonnaithe i Lucsamburg. Tar éis Moladh ó *Comité du Risque Systémique* (Coiste um Riosca Sistéamach) (***) , gníomhachtaigh *Coimisiún de Surveillance du Secteur Financier* (Coimisiún Maoirseachta na hEarnála Airgeadais) (****) , ag gníomhú dó i gcomhar le Banque centrale du Lucsamburg, na teorainneacha LTV atá difriúil de réir trí chatagóir iasachtaithe. Is iad seo a leanas na teorainneacha LTV ar gach ceann de na trí chatagóir:
 - (a) Teorainn LTV 100 % ar cheannaitheoirí céaduaire atá ag ceannach a bpríomháite cónaithe;
 - (b) Teorainn LTV 90 % ar cheannaitheoirí eile i.e. ní ceannaitheoirí céaduaire atá ag ceannach a bpríomháite cónaithe; Cuirtear an teorainn sin i bhfeidhm ar bhealach comhréireach trí liúntas punainne. Go sonrach, féadfaidh iasachtóirí 15 % de phunann na morgáistí nua a dheonaítear do na hiasachtaithe sin a eisiúint le LTV os cionn 90 % ach faoi bhun LTV uasta 100 %;
 - (c) Teorainn LTV 80 % le haghaidh iasachtaí morgáiste eile (lena n-áirítear an mhír ceannach le ligean ar cíos).
2. Is éard atá in LTV ná an cóimheas idir suim na n-iasachtaí nó na sciartha iasachtaí go léir a dtacaíonn an t-iasachtaí í le maoín chónaithe tráth a dheonaítear an iasacht agus luach na maoine an tráth céanna.
3. Tá feidhm ag na teorainneacha LTV gan spleáchas do chineál na húinéireachta (e.g. úinéireacht iomlán, ceart úsáide, lomúinéireacht).
4. Baineann an beart le haon iasachtaí príobháideach a fhaigheann iasacht mhorgáiste chun réadmhaoín chónaithe a cheannach i Lucsamburg chun críoch neamhthráchtála. Tá feidhm ag an mbeart freisin má úsáideann an t-iasachtaí struchtúr dlíthiúil amhail cuideachta infheistíochta eastáit réadaigh chun an t-idirbheart sin a chur i gcrích, agus i gcás comhiarratas. Áirítear le 'réadmhaoín chónaithe' talamh tógála, cibé acu díreach i ndiaidh an cheannaigh nó blianta ina dhiaidh a dhéantar an obair thógála. Tá feidhm ag an mbeart chomh maith má dheonaítear iasacht d'iasachtaí chun maoín a cheannach lena ngabhann comhaontú léasa fhadtéarmaigh. D'fhéadfadh sé gur chun áitíocht an úinéara nó chun a cheannach le ligean ar cíos atá an réadmhaoín.

II. An Cómhalmartú

5. Na Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha creidmheasa Lucsamburg trí chreidmheas trasteorann díreach ag a n-institiúidí creidmheasa, a gcorparáidí árachais agus a ngairmithe a dhéanann gníomhaíochtaí iasachtaithe (iasachtóirí morgáiste), moltar dóibh beart Lucsamburg a chómhalmartú ina ndlínse. Mura bhfuil an beart céanna ar fáil ina ndlínse maidir le gach neamhchosaint trasteorann ábhartha, ba cheart do na húdarais ábhartha bearta atá ar fáil a bhfuil an éifeacht is coibhéisí leo agus atá leis an mbeart beartais macrastuamachta gníomhachtaí a chur i bhfeidhm.
6. Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl do BERS gur chómhalmartaigh siad beart Lucsamburg nó gur úsáid siad díolúintí *de minimis* i gcomhréir le Moladh D de Mholadh BERS/2015/2. Ba cheart an fógra a sholáthar tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an beart cómhalmartaithe a ghlacadh, agus úsáid a bhaint as an teimpléad faoi seach a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin BERS. Foilseoidh BERS na fógraí ar shuíomh gréasáin BERS, agus ar an tslí sin cuirfear na cinntí náisiúnta maidir le cómhalmartú in iúl don phobal. Cuimseofar san fhoilseachán sin aon díolúintí a dhéanfaidh na Ballstáit atá ag cómhalmartú agus a dtiomantas chun faireachán a dhéanamh ar sceitheadh agus beart a dhéanamh más gá.
7. Moltar do na Ballstáit beart a chómhalmartú laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

8. Déantar an beart a chomhlánú le dhá thairseach ábharthachta chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na Ballstáit chómhalmartacha a stiúradh: tairseach ábharthachta thírshonrach agus tairseach ábharthachta institiúidsonrach. Is é EUR 350 milliún an tairseach ábharthachta thírshonrach le haghaidh iomlán na n-iasachtaí morgáiste trasteorann do Lucsamburg, tairseach ábharthachta thírshonrach a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % de mhargadh morgáiste na réadmhaoine cónaithe intíre iomlán i mí na Nollag 2020. Is é EUR 35 mhilliún an tairseach ábharthachta institiúidsonrach le haghaidh iomlán na n-iasachtaí morgáiste trasteorann do Lucsamburg, tairseach ábharthachta institiúidsonrach a chomhfhreagraíonn do thart ar 0.1 % de mhargadh morgáiste na réadmhaoine cónaithe intíre iomlán i Lucsamburg i mí na Nollag 2020. Ní iarrtar an cómhalmartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach thírshonrach agus an tairseach institiúidsonrach.

An Ísiltír

Meánualach riosca íosta arna chur i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB maidir lena bpunanna neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualach riosca 12 % do chuid den iasacht nach mó ná 55 % de luach margaidh na maoine a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualach riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Is ionann meánualach riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta ualaí riosca na n-iasachtaí aonair.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Forchuirtear le beart na hÍsiltíre, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, meánualach riosca íosta do phunann neamhchosaintí institiúidí creidmheasa IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le morgáistí ar mhaoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír. Déantar iasachtaí a chumhdaítear sa scéim um Rátháíocht Morgáiste Náisiúnta a dhíolmhú ón mbeart.
2. Ríomhfar an meánualach riosca íosta mar a leanas:
 - (a) Maidir le gach ítim neamhchosanta aonair a thagann faoi raon feidhme an bhirt, sanntar ualach riosca 12 % don chuid den iasacht nach mó ná 55 % de luach margaidh na maoine a úsáidtear chun an iasacht a urrú, agus sanntar ualach riosca 45 % don chuid eile den iasacht. Ba cheart an cóimheas LTV a úsáidfead sa ríomh sin a chinneadh i gcomhréir le forálacha infheidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
 - (b) Is ionann meánualach riosca íosta na punainne agus meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta ualaí riosca na n-iasachtaí aonair, a ríomhtar mar a mhínítear thuas. Déantar neamhshuim de na hiasachtaí aonair atá díolmhaithe ón mbeart agus an meánualach riosca íosta á ríomh.
3. Ní chuirtear an beart seo in ionad na gceanglas caipitil reatha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a thagann as an rialachán sin. Ní mór do na bainc lena mbaineann an beart meánualach riosca na coda sin den phunann morgáiste a thagann faoi raon feidhme an bhirt seo a ríomh ar bhonn na bhforálacha rialta is infheidhme atá i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ar bhonn an mhodha a leagtar amach sa bheart. Agus a gceanglais chaipitil á ríomh, ní mór dóibh, cibé acu is airde den dá mheánualach riosca, a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

II. An Cómhgartú

4. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na hÍsiltíre a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaráithe go hinmheánach a úsáideann an cur chuige IRB agus ag a bhfuil neamhchosaintí ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír, mar go bhféadfadh a n-earnáil baincéireachta, trína mbrainsí, bheith neamhchosanta nó teacht chun bheith neamhchosanta go díreach nó go hindíreach ar an riosca sistéamach i margadh tithíochta na hÍsiltíre.
5. I gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha an beart céanna agus an beart atá curtha chun feidhme san Ísiltír ag an údarás gníomhachtaithe a chur i bhfeidhm laistigh den teorainn ama a shonraítear i bhfo-mholadh C(3).
6. Mura bhfuil an beart beartais macrastaumachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastaumachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

7. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón meánualach riosca íosta do phunann neamhchosaintí institiúidí creidmheasa IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le morgáistí ar mhaoin chónaithe atá lonnaithe san Ísiltír mura mó an luach sin ná EUR 5 bhilliún. Ní dhéanfar iasachtaí a chumhdaítear sa scéim Rátháíochta Morgáiste Náisiúnta a ríomh i gcomhair na tairisí ábharthachta.

8. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 5 bhilliún. Dá bhri sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhalmartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínsí nuair is iomchuí, nó an beart a chómhalmartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm.

An Iorua

- ráta maoláin um riosca sistéamach 4.5 % maidir le neamhchosaintí san Iorua, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020 de bhun théarmaí an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch(*) (Comhaontú LEE) ('CRD mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020' anseo feasta), maidir leis na hinstiúidí creidmheasa go léir atá údaraithe san Iorua;
- íosteorainn meánulaigh riosca 20 % le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe san Iorua, arna cur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020; de bhun théarmaí Chomhaontú LEE ('CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020,' anseo feasta), ar instiúidí creidmheasa, atá údaraithe san Iorua, a úsáideann an cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (IRB) chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh;
- íosteorainn meánulaigh riosca 35 % le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála san Iorua, arna cur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de CRR mar a cuireadh i bhfeidhm ar an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe san Iorua, ag baint úsáid as an gcur chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.

I. Cur síos ar na bearta

1. Ón 31 Nollaig 2020, thug Finansdepartementet (Aireacht Airgeadais na hIorua) trí bheart isteach, mar a bhí (i) an ceanglas maidir le maolán um riosca sistéamach le haghaidh neamhchosaintí san Iorua, de bhun Airteagal 133 de CRD mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020; (ii) íosteorainn meánulaigh riosca le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(vi) de CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020; agus (iii) íosteorainn meánulaigh riosca le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála san Iorua, de bhun Airteagal 458(2)(d)(vi) de CRR mar is infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua an 1 Eanáir 2020.
2. Socraítear an ráta maoláin um riosca sistéamach ar 4.5 % agus baineann sé le neamhchosaintí intíre na n-instiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua. Maidir le hinstiúidí creidmheasa nach n-úsáideann an cur chuige ardleibhéil IRB, áfach, tá an ráta maoláin um riosca sistéamach is infheidhme maidir le gach neamhchosaint socraithe ar 3 % go dtí an 31 Nollaig 2022; ina dhiaidh sin, socrófar an ráta maoláin um riosca sistéamach is infheidhme maidir le neamhchosaintí intíre ar 4.5 %.
3. Is ionann an íosteorainn ulaigh riosca um réadmhaoin chónaithe agus íosteorainn meánulaigh riosca instiúidsonrach le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe san Iorua, is infheidhme maidir le hinstiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB. Baineann an íosteorainn ulaigh riosca um réadmhaoin chónaithe leis an meánalach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta sa phunann réadmhaoin chónaithe. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí miondíola atá á gcomhthaobhú ag maoin dho-aistrithe san Iorua.
4. Is ionann an íosteorainn ulaigh riosca um réadmhaoin tráchtála agus íosteorainn meánulaigh riosca instiúidsonrach le haghaidh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála san Iorua, is infheidhme maidir le hinstiúidí creidmheasa a úsáideann an cur chuige IRB. Baineann an íosteorainn ulaigh riosca um réadmhaoin chónaithe leis an meánalach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta sa phunann réadmhaoin tráchtála. Ba cheart neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála na hIorua a thuiscint mar neamhchosaintí corparáideacha atá á gcomhthaobhú ag maoin dho-aistrithe san Iorua.

II. An Cómhalmartú

5. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta na hIorua maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua a chómhalmartú i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE agus le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi seach. Moltar do na húdaráis ábhartha an ráta maoláin um riosca sistéamach a chómhalmartú laistigh de 18 mí tar éis fhoilsiú an Mholta seo, arna leasú le Moladh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (*****) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, seachas mar a fhoráiltear a mhalaírt faoi mhír 7 thíos. Ba cheart na híosteorainneacha meánulaigh riosca le haghaidh neamhchosaintí réadmhaoin chónaithe agus tráchtála san Iorua a chómhalmartú laistigh den idirthréimhse chaighdeánach trí mhí dá bhforáiltear i Moladh BERS/2015/2.

6. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhálartú. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta coibhéiseacha a ghlacadh chun íosteorainn meánualaigh riosca a chómhálartú le haghaidh neamhchosaintí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála laistigh de 12 mhí agus chun an ráta maoláin um riosca sistéamach a chómhálartú laistigh de 18 mí, faoi seach, tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt faoi mhír 7 thíos don mhaolán um riosca sistéamach.
7. Go dtí go mbeidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/878 maidir leis an Iorua agus san Iorua i gcomhréir le téarmaí Chomhaontú LEE, féadfaidh na húdaráis ábhartha beart maoláin um riosca sistéamach na hIorua a chómhálartú ar bhealach agus ar leibhéal lena gcuirtear san áireamh aon fhorluí nó difríocht maidir leis na ceanglais chaipitil is infheidhme ina mBallstát agus san Iorua, ar an gcoinníoll go gcloíonn siad leis na prionsabail seo a leanas:
 - (a) cumhdach riosca: ba cheart do na húdaráis ábhartha a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar an riosca sistéamach a bhfuiltear ag féachaint lena mhaolú le beart na hIorua;
 - (b) arbatráiste rialála a sheachaint agus cothrom na Féinne a áirithiú: ba cheart do na húdaráis ábhartha laghdú ar an bhféidearthacht go mbeadh sceitheadh agus arbatráiste rialála ann agus ba cheart dóibh aon lúb ar lár sa rialáil a dhúnadh go pras más gá; ba cheart go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha cothrom na Féinne idir institiúidí creidmheasa a áirithiú.

Níl feidhm ag an mír seo maidir leis na bearta um íosteorainn meánualaigh riosca le haghaidh neamhchosaint réadmhaoine cónaithe agus tráchtála.

III. Tairseach ábharthachta

8. Déantar na bearta a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe san Iorua chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh mar a leanas:
 - (a) maidir leis an ráta maoláin um riosca sistéamach, socraítear an tairseach ábharthachta ar mhéid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca NOK 32 billiún, méid a chomhfhreagraíonn do 1 % de mhéid neamhchosaintí iomlána atá ualaithe ó thaobh riosca na n-institiúidí creidmheasa san Iorua;
 - (b) maidir le híosteorainn ualaigh riosca réadmhaoine cónaithe, socraítear an tairseach ábharthachta ar olliasachtú NOK 32.3 billiún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % den olliasachtú comhthaobhaithe réadmhaoine cónaithe do chustaiméirí na hIorua;
 - (c) maidir le híosteorainn ualaigh riosca réadmhaoine tráchtála, socraítear an tairseach ábharthachta ar olliasachtú NOK 7.6 billiún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 1 % den olliasachtú comhthaobhaithe réadmhaoine tráchtála do chustaiméirí na hIorua.
9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, maidir le hinstitiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre agus a bhfuil neamhchosaintí neamhábhartha acu san Iorua, féadfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann iad a dhíolmhú. Meastar neamhchosaintí a bheith neamhábhartha má bhíonn siad faoi bhun na dtairseach ábharthachta institiúidsonrach a leagtar síos faoi mhír 8 thuas. Le linn na tairseacha ábharthachta a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na hIorua a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre a díolmhaíodh roimhe sin nuair a rachfár thar na tairseacha ábharthachta a shocraítear faoi mhír 8 thuas.
10. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéil uasta tairsí a mholtar na tairseacha ábharthachta a leagtar síos faoi mhír 8 thuas. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseacha is ísle a shocrú dá ndlínse i gcás inarb iomchuí, nó na bearta a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad na tairseacha molta a chur i bhfeidhm.
11. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha san Iorua acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na hIorua a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na hIorua a chómhálartú ach institiúidí creidmheasa a dhul thar na tairseacha ábharthachta faoi seach.

An tSualainn

Íosteorainn 25 % a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa maidir le meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta na n-ualáí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn atá urraithe le maoin dho-aistrithe i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn, a úsáideann an Cur Chuige IRB chun ceanglais chaipitil rialála a ríomh.

I. Cur síos ar an mbeart

1. Is éard atá i mbeart na Sualainne, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 458(2)(d)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a fhorchuirtear ar instiúidí creidmheasa atá údaraithe sa tSualainn a úsáideann an Cur Chuige IRB ná íosteorainn 25 % a bhaineann go sonrach le hinstiúidí creidmheasa maidir le meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta na n-ualáí riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an bpunann neamhchosaintí miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn a urraítear le maoin dho-aistrithe.
2. Is ionann an meánualach riosca ualaithe ó thaobh na neamhchosanta agus meánualáí riosca na neamhchosaintí aonair arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 154 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ualach luach na neamhchosaintí ábhartha orthu.

II. An Cómhalartú

3. I gcomhréir le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, moltar d'údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann beart na Sualainne a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le brainsí d'instiúidí creidmheasa atá lonnaithe sa tSualainn agus atá údaraithe ar bhonn intíre a úsáideann an Cur Chuige IRB laistigh den spriocdháta a shonraítear i bhfo-mholadh C(3).
4. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Sualainne a chómhgartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre a úsáideann Cur Chuige IRB agus lena mbaineann neamhchosaintí díreacha miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn a urraítear le maoin dho-aistrithe. I gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha an beart céanna agus an beart atá curtha chun feidhme sa tSualainn ag an údarás gníomhachtaithe a chur i bhfeidhm laistigh den teorainn ama a shonraítear i bhfo-mholadh C(3).
5. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhgartú. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

III. Tairseach ábharthachta

6. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta instiúidsonrach SEK 5 bhilliún chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhgartú acu a stiúradh.
7. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, maidir le hinstiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre, a úsáideann an Cur Chuige IRB, agus ag a bhfuil neamhchosaintí miondíola neamhábhartha ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn a urraítear le maoin dho-aistrithe atá faoi bhun thairseach ábharthacht SEK 5 bhilliún, féadfaidh údaráis ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann iad a dhíolmhú. Le linn an tairseach ábharthachta a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh beart na Sualainne a chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa aonair atá údaraithe ar bhonn intíre a díolmhaíodh roimhe sin nuair a rachfar thar thairseach ábharthachta SEK 5 bhilliún.
8. I gcás nach bhfuil aon instiúid creidmheasa údaraithe sna Ballstáit lena mbaineann, instiúid creidmheasa a bhfuil brainsí acu atá lonnaithe sa tSualainn nó ag a bhfuil neamhchosaintí díreacha miondíola ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn, a urraítear le maoin dho-aistrithe, a úsáideann an Cur Chuige IRB agus a bhfuil neamhchosaintí miondíola dar luach SEK 5 bhilliún nó os a chionn sin acu ar oibleagáideoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSualainn, atá urraithe le maoin dho-aistrithe, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan beart na Sualainne a chómhgartú. Sa chás sin ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh beart na Sualainne a chómhgartú ach instiúid creidmheasa a úsáideann an Cur Chuige IRB a dhul thar thairseach SEK 5 bhilliún.

9. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta SEK 5 mbilliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhalartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlíní nuair is iomchuí, nó an beart a chómhgartú gan aon tairseach ábharthachta, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm..

-
- (*) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).
- (**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).
- (***) Recommandation du comité du risque systémique du 09 novembre 2020 relative aux crédits portant sur des biens immobiliers à usage résidentiel situés sur le territoire du Luxembourg (CRS/2020/005).
- (****) CSSF Régulation N.20-08 du 3 décembre 2020 fixant des conditions pour l'octroi de crédits relatifs à des biens immobiliers à usage résidentiel situés sur le territoire du Luxembourg.
- (*****) Moladh BERS/2021/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhgartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 222, 11.6.2021, lch. 1)."
-